

Gníthe de Chumadh agus de Struchtúr Talland Éitir*

Caoimhín Ó Dónaill
Ollscoil Uladh, Cúil Rathin

RÉAMHRA

Is sócal gearr de chuid na Sraithe Ultaí é *Talland Éitir* atá tagtha annas chugainn in dhá lámhscríbhinn mheamraim: an Leabhar Laighneach (LL), a breacadh idir 1151 agus 1224 agus atá ar caomhnú i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Harléian 5280 (H), a breacadh sa séú haois déag agus atá ar caomhnú i Leabharlann na Breataine, Londain. Ón anaillis atá déanta agam ar an teanga ann, is léir nach cóip de théacs LL é H ach gur shíolraigh siad go neamhspleách ón bhunlámhscríbhinn chéanna a breacadh sa dara leath de ré na Sean-Ghaeilge.¹

ACHOIMRE

Ar chomhairle Chonchúir, téann an file, Aithirne, ar chuhairt na hÉireann. Agus é ag taisteal na tíre baineamn sé leas as cearta an file chun sraith éileamh ainspianta a dhéanamh. Géillleair go fortéalthan dá éilimh ar eagla go n-aortadh sé an té a dhníútóch é agus go gcaillfeadh an té sin a oimeach dá bharr.

I nDeisceart Connacht faigheann sé súil aonair an rí, Eochaidh mac Luchta, go húr óna chloigean, sa Mhumhain déanamn sé feis le bean Thiarnaigh Théadhbhuiligh agus i ina leaba luí seoil; i nDeisceart Laighean faigheann sé dealg ina raibh ceithre scór Measa de dheargór. Téann sé ina dhiaidh sin chuig rí Laighean, Meas Geaghra, a cheadaíonn dó an oíche a chartheamh i dteannta a mhná céile, Buan, ach mionnaíonn sé nach bhféadfadh Ulltach aonair í a thabhairt leis mura dtabharfadh sé féin uairdh í. Mar fhreagra air sin, deir Aithirne nach ligfeadh sé féin dó dtí go dtabharfadh Ulltach aonair leis í.

Agus bhiaín caite i gCúige Laighean aige, beartaíonn Aithirne ar imeacht ón linnistéar agus céad go leith banríon leis mar chreach. Agus fíos aige go rachaidh na Laighnigh sa tóir air a luaithe a

¹ Tá mé faoi chomhoiriún ag An Chomhairle um Thairghe sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta a thug maoiniú flathnuí dom agus mé i mbun tairghe ar an ábhar seo.

² Tá eagrair nua den téacs ar fáil anois (Ó Dónaill, 2005 [TÉ feasta]), agus is leis an eagrair sin a bhaineann na tagairtí do théacs an scéil san alt seo. San áit nach ionann an leagan Nua-Ghaeilge de na hairmneacha dílse san alt seo agus na fóirmeacha bunaidh mar atá siad in TÉ, tá gluais ag deireadh an ailt ina dtagtar an dá fhoirm.

fhágann sé an linnistéar s'acu, cuireann Aithirne faoi choime coimhdeacht Ulltach. Nuair a théann Aithirne thar an teorainn, tosáíonn an tóraitocht, cuireann na Laighnigh agus na hUltaigh cath ar a chéile go dtí go mbriseann an cath ar na hUltaigh. Teitheann na hUltaigh soir a fhad le Dún Éadair, mar a bhfuil drochbhail orthu agus iad ag fanacht ar thrupal athneartaithe teacht. Céileann Aithirne bia ar na hUltaigh cé go raibh siad ag fáil bháis ann. Leanann an comhrac ar aghaidh thart ar an dún. Meas Deadh, dalta Chú Chulainn, amháin a bhí ag troid in éadan na Laighneach ag an phointe seo, ach maraíonn drong trí chéad Laighneach é, dreach nuair a bhí na hUltaigh i ndiaidh teacht i dtír ag Éadair.

Lonsaíonn na hUltaigh athneartaithe na Laighnigh in athuair go mbriseann an cath ar na Laighnigh. Déantar na hUltaigh a thit sa chath a chomhairleamh. Téann Leabharcham ó thuaidh chun mná Ulladh a chur ar an eolas faoin chath. Fiartaíonn Míughain, bean Chonchúir, de Leabharcham cé hiad go dtreach na hUltaigh a chonaic sí. Liosaíonn Leabharcham iad i bhfoirm roisc, ag cur síos ar an drochbhall a bhí ar chuid acu agus ar na gaiscí a rinne tuilleadh acu le linn an chatha. Ar deireadh, áfach, cuireann sí mná Ulladh ar a suaimhneas, ag fógairt go bhfuil an laochra ar a mbealach ar ais go hUltaigh go buach.

I ndiaidh don chath briseadh ar na Laighnigh, d'fhill siad go léir abhaile seachas Meas Geaghra, a d'fhan ar Chosán Claonta lena ara. De thoradh easaontais faoi chnó, cailleann Meas Geaghra a leathlámh agus a ara.

Imíonn Meas Geaghra leis ina aonar go dtí go gceastar Connall Cearnach air. Tá Connall ar lorg díoltais dá bheirt dheartháireacha a maraíodh sa chath. Éiríonn troid ealartu, troid a dhéantar cothrom nuair a cheanglaíonn Connall leathlámh dá thaobh. Faigheann Connall an ceann is fearr ar Mheas Geaghra go ndícheannann é.

Tugann Connall aghaidh ar an bhaile ansin ach castar Buan, bean Mheis Geaghra, air ar an bhealach. Deir Connall léi gur tíomnaíodh dó í. Iarrann Buan cruthúnas air seo, mar nach bhfuil a fhios aici go bhfuil an fear céile s'aici marbh. Tá sí in amhras ar fad go dtí go dtaispeánann Connall cloigean Mheis Geaghra di. Tosáíonn an cloigean ansin ag athrú datha ó dhearg go bán. Insíonn Buan do Chonnall gur mar gheall ar an mhíonn a thug sé d'Aithirne a tharla sin. Tugann Connall ar Bhuan dul isteach ina charbad, ach iarrann sí céad air a fear céile a chaoineadh ar dtús. Ligeann sí faí aici agus caitheann sí a corp siar agus í marbh. Tugann Connall ordú dá ara cloigean an rí a thabhairt leis. Nuair a chliseann ar an ara an cloigean a thógáil, iarrann Connall air an cloigean a fhágáil ach an inchinn a bhaint as agus a mheascadh le haol chun liathróid a

dheanamh de. Filleann Conall ar Eamhain Mhacha ansin agus tá lúcháir ar na hUltaigh gur mharaitigh siad rí Laighean.

STAIR NA N-EAGRÁN AGUS NA DTRÁCHTANNA

Ba é Whitley Stokes a chuir *Talland Éair* in eagar ar dtús sa bhliain 1887. Bhí a eagrán siúd bunaithe ar théacs LL agus níor liostaigh sé ach 100 léamh malartach as H. D'fhág sé píosaí ar lár—línte 18-25 (in TÉ), a bhí ina idirshlocht, dar leis, agus línte 116-175, an sliocht ina n-ainmnítear Mná Uladh agus an rosc. Tá aistriúchán Béarla ag gabháil leis an téacs ach is beag anailís a rinne sé ar an iliomad fadhbanna téacsúla a bhaineann leis. Tá eagrán dioplómaitiúil de théacs LL curtha ar fáil ag Best & O'Brien (: 426-33). Rinne Margaret Dobbs (1949) eagarthóireacht ar an dara sliocht a d'fhág Stokes ar lár. Tá laigí san eagrán seo, áfach, mar tá an athscríbhinn s'áici ó LL míchruinn go minic agus níl an t-aistriúchán Béarla ag teacht leis an bhuntéacs in áiteanna. Ba é a príomhchuspóir na hainmneacha sa sliocht seo a thabhairt chun solais, is léir.

Ó thabobh na tráchtairreachta de, ní raibh agatinn go dtí seo ach na tráchtanna a rinne O'Curry (1861), Thurneysen (1921), O'Connor (1967) agus Henry (1978). Níl i dtráchtairreachta O'Curry ach achoimre ar an scéal ach déanamh sé léamh stairiúil air síos tríd. Tosáilonn sé, mar shampla, le "There lived in Ulster in the time of King Conor Mac Nessa, that is, about A.D. 33, a learned poet, but withal a virulent satirist, named *Aithimé*..." (: 266). Is minic a tharraingíonn sé scéalta eile air féin agus is minic a luann sé eachtraí nach bhfuil in *Talland Éair* ar chor ar bith, mar shampla, nuair a fhionn sé dinnséanchas Áth Cliath Cuallann ann gan a fhoinse a lua (O'Curry: 269); tá cló trom ar an idirshlocht anseo:

When the poet's time for departure came at last, he set out from Neas with all his rich presents, his cattle, and his captives, attended by a multitude of the men of Ulster, apparently but to see him safely out of their country... When they came to Dublin, however, they found that the poet's sheep could not cross the river *Liffe* [or *Liffej*] at the ordinary ford; upon which, a number of the people went into the neighbouring woods, and set to work to cut down trees and branches, so that, in a very short time, they were able to throw a bridge, or causeway, of trees and hurdles across the river, by means of which the poet, his cattle, and train, passed over into the province of Meath...²

Tugann O'Connor aistriúchán ar an chuid ab fhearr leis den scéal, is é sin, aistriúchán atá bunaithe ar achoimre Ghearmáinise Thurneysen (1921: 505-11). Cuireann sé tuairimí in iúl ansin faoi chumadh agus faoi údar an scéil, ina moláinn sé go bunúsach gur

² Tá an cuntas seo ó *Rennes Dindsenchas* in eagar ag Stokes (1894).

scéal amháin a bhí i ndeireadh *Talland Éair* agus tús *Bás Chonchobhair* tráth. Mar fhianaise leis seo, maíonn sé go dtarlaíonn athrú suntasach síle nuair a thógann Meas Geaghra an cnó ón abhainn (TÉ, l. 183 ar lean); ní amháin sin ach tugann sé "a rambling bit of folklore" ar an scéal síos go dtí seo:

On the surface one would say that the story was the work of a story-teller suffering from acute schizophrenia... It describes a horrible Ulster poet, Athine Ailgesach - Athine the Exacting - who goes through southern Ireland humiliating everyone by demanding the impossible from local kings: from one a family heirloom that has been lost for generations, from another his right eye, from a third his wife. By the traditions of Irish hospitality his demands have to be met until you manage to get the brute outside your own front door, which, for Leinstermen meant the other side of O'Connell Bridge. The Ulstermen, who also know the rules of Irish hospitality, come to escort him home, and are besieged at Howth. After a bitter fight the Ulstermen break the siege and the Leinstermen retreat across the river. So far, any responsible teacher of composition would consider himself soft-hearted in merely telling the author that higher education would be wasted on him, but suddenly an astonishing change occurs, and the story breaks into wonderful narrative prose. (O'Connor: 2-4)

Is giorraisc an cur síos é sin, ar ndóig, ach tá a chuid tuairimí faoi údar an scéil níos géarchúisí:

In the first half of the ninth century there seems to have been a very good classical school in Kildare, a number of whose students emigrated to the Continent by way of Wales. At the same time there is a group of stories, all produced about this time, all vaguely related to one another and to Leinster, and all with what seem to me slight classical echoes. It is not so much that these still do not represent a primary literature, but that more and more traces of a secondary literature seep in. The best way I can describe this is to show what all of them have in common - a passion for Virgil and a weakness for head-hunting. Two of them also have the classical suicide *li e. Talland Éair* and *Fingal Rónáin*], which is almost unknown in Irish. (O'Connor: 49)

Ní gá glacadh leis tuairimíocht seo ar fad, ámh; tá tuilleadh faoi mhóitífeanna thíos.

Leagann Henry béim ar an príomhcharachtar, Aithimé, agus ar chearta an fhile. Tugann sé achoimre ar an scéal, as Gaeilge, atá bunaithe ar eagrán Stokes, agus ar an bhonn sin tá bearnaí aige mar a bhfuil bearnaí ag Stokes agus léamh míchruinn aige mar a bhfuil léamh míchruinn ag Stokes. Sampla de léamh míchruinn is ea *ainiuch legen* a thuiseant mar logáim, 'Ainech Lagen'—léamh atá lag sa chomhthéacs, fiú, deir Henry: "Níor thuise cos Aithimé thar teorainn ag Ainech Laighean ná gur thosaigh an tiomáint" (: 58). Phléigh Knott an mhíthuiseant seo de chuid Stokes in alt léi in *The Irish Book Lover*. Cheartaigh sí léamh Stokes agus d'aistrigh sí an

abairt mar "As soon as Al[ithirne] had come from the hono[ur] of the L[aignin]n" ag rá "i.e. had passed the limit up to which they as hosts had the duty of protecting him" (: 56-7). Sa chás seo, b'fhearr i bhfad an léamh atá ag Harleian (TE, I. 75), agus ní fheadfadh mífhuiscint ar bith a bheith ann. Tugann Henry aird ar rogha eilimintí liteartha, amhail móitíf na cuairte tuathalaí (: 56), agus eilimintí sóisialta, amhail mná a ghlacadh mar chreach (: 60), ann. Is aisteach an rud a deir sé agus é ag cur clabhsúir lena aiste: "níl aon amhras ná go bhfuil bruíon Ullach is Laignimeach agus oidhe Mheis Geaghra ar théamhaí chomh hársa is atá sa traidisiún againn. Níl aon trácht fós ar na Gaeil sa scéal seo!" (: 60). Is aisteach seo ar an ábhar go luaitear na Gaeil go somrach sa téacs (TE, I. 40), agus níos aisti fós, tá an tagairt seo aige ina achoimre féin: "... sa tslí nach dtógfaidís a n-aghaidh go deo arís i measc Gael mura gcuirfidís ar fáil dó as an tulach an tseoid ba luachmhaire dá raibh ann" (: 57).

Chomh maith leis na saothair atá luaithe agam, tá aistriúcháin Béarla ag Stokes, ina ndearna sé mionathruithe sa bhunaisriúchán agus inar fhág sé tuilleadh píosaí ar lár (Hull (eag.): 1898); agus aistriúchán Gaeilge ag Ó Cadhlaigh (1956) ina leanantar eagrán Stokes.

CUMADH AGUS STRUCHTÚR

Tá saintréithe na luathscéalalochta ó thaobh struchtúir agus modhanna insinte de le feiceáil go fairsing in *Talland Éitair*. Is mar seo a chuireann McCone síos ar na saintréithe seo :

... early Irish narrative, like that of the Old Testament, is generally uncluttered and fast moving. In practice, this movement can be achieved either in a staccato or a legato manner, so to speak, or for that matter by virtually endless combinations of the two... In addition to the interplay of these staccato and legato effects, the basic progression of the plot was liable to be articulated by alternations between narrative and dialogue... Whether smooth, abrupt or somewhere in between, both narrative and dialogue tend to be quite plain when primarily intended to advance the plot, but both are susceptible of considerable elaboration in order to slow down or even halt the action at crucial points. In straight narrative this is usually accomplished by detailed catalogues of people or by minute and often pleonastic prose descriptions of persons, places, objects or occasions ornamented in varying degrees by parallelism and alliteration, but in dialogue the rhetorics and rhyming syllabic verse... are the standard devices. (McCone 1990: 50-1)

In *Talland Éitair*, mar sin, bunáitear an plota sa chéad alt nuair a théann Aithirne ar chuart na hÉireann ar chomharle Chonchúir. Tógfar ar an teannas sa phlota de réir a chéile sa chéad trian den scéal leis na héilimh a dhéanann Aithirne ar na ríthe a chashtar air, go dtí go gcuireann sé na hUltaigh agus na Laignimh in adharca a

chéile. Líonann an cath seo an trian láir den scéal (TE, II. 77-145) agus tá an trian seo féin roinnte go cothrom idir próis, a bhfuil beagán comhrá ann, agus rosc labhartha. Tá an próis féin roinnte idir faisnéis a chuireann leis an phlota agus liostaí ainmneacha, mar atá, roinnt de na hUltaigh a thit sa chath (TE, II. 113-15) agus na mná a d'éist le céalmhaine Leabharchaimne. Is é an fheidhm atá leis na liostaí seo moliú ar luas na hinsinte sula seoltar céalmhaine allabhrach fhada. Leabharchaimne isteach (TE, II. 131-74). Tá an rosc seo as béal Leabharchaimne an-orráidithe, le huaim taobh istigh den líne agus uaim nasctha idir na línte, chomh maith le húsáid focal neamhchoitianta agus sainphatrún comhréireach amhail *mesis*.

Tá tuairisc bheoga dhámhair sa rosc ar laochra aitheanta Uladh, cé go bhfuil píosaí den sliocht doiléir. Cuirtear radharc suite os ár gcomhair sa rosc, is é sin, an bhail a bhí ar na hUltaigh le hinn agus i ndiaidh an chatha, ach méadaitear ar luas na hinsinte de réir a chéile ó thuairiscí aonair teibí an laochra go dtí go nochtar an plota in aihuair trí fhrici, a luadh cheana féin sa chéad trian den scéal, a athlua i riocht roisc; mar shampla, athluaitear gurbh éigean do na hUltaigh cré a ihe agus sáile a ói (TE, II. 166-7), agus go raibh an bua ag na hUltaigh sa chath (TE, II. 170-4). Cé gur lig an t-údar srian lena shamhlalocht sa rosc, is léir nach seasann an sliocht seo leis féin ach go bhfuil sé suite go nádúrtha sa scéal ó thaobh struchtúir agus ábhair de; go deimhin, is beag ciall a dhéanfaidh sé dá mbainfí amach as an scéal é.

Anois go bhfuil luas na hinsinte ardaithe agus an fócas ar an phlota arís, bogann an scéal ar aghaidh le Conall Cearnach ag iompar snáitheanna an scéil: chuir Aithirne na Laignimh agus na hUltaigh in adharca a chéile, cailleadh deartháiracha Chonail sa chath agus tá seiscean anois ag iarraidh éiric a bhaint as rí Laignean (TE, II. 176-7). Is eachtrúil an trian é an trian deireannach leis an fhócas ar phearsana aonair atá in éadan a chéile. Ó thaobh struchtúir, tá an trian seo roinnte go cothrom idir próis agus comhrá, agus cé go bhfuil luas maith faoin insint, ní shroictear deireadh an scéil faoi rop rása. Is amhlaidh a dhéantar forbairt loigheoúil leanúnach ar an phlota, ní amháin sin, is ar bhealach sultmhar a dhéantar i lé meascán de chomhlainn, idir fhisticúil agus bhéil, seachtán i dtreo na héigéille i bhfoirm an chúir síos ar mhná Uladh a bheith ag déanamh aithrise ar smál an tréir ab ansa leo. Conall Claon, Cú Chulainn Goll agus Cúscraich Meann (TE, II. 214-7), agus an tuairisc oiritic ar ghlacadh comhrainn (TE, II. 234-6).

Is iomaí maisie eile atá ar an scéal seo le cois an dea-leagain amach, mar atá, plota loigheoúil mealltach a bhfuil an greann, an tuamheala, an ioróin agus an feillbheart ar na príomhghnéithe ann,

gan trácht ar charachtair spéisiúla.

AN PLOTA

Is iad seo na cúiseanna atá mar spreagadh sa scéal agus a thiomáineann an plota:

1) AN CHOMHLINT IDIR NA HULLTAIGH AGUS NA RÍTHE SNA CUIGÍ EILE, NA LAIGHNIGH GO HÁIRTHE

Déantar an choimhlint ar an taobh Ulltach a phearsantú i dtosach i bpearsa Aithirne. Léirithear an choimhlint seo tríd an dimheas atá áige ar na ríthe sna cuigí eile—rí Dheisceart Chonnacht (TÉ, II, 8-10), rí na Mumhan (TÉ, II, 26-9), rí Dheisceart Laighean (TÉ, II, 36-56), agus rí Laighean (TÉ, I, 56 ar lean). Leathnaítear an choimhlint ansin nuair a chuireann na hUlltaigh agus na Laighnigh cath ar a chéile (TÉ, I, 77 ar lean) go dtí go gcuingáítear arís í ar deireadh leis an chomhrac idir Conall Cearnnach agus Meas Geaghra (TÉ, I, 197 ar lean).

2) MASLÚ AGUS COSAINT NA HONÓRA

Úsáideann Aithirne cearta an fhíle mar chosaint nuair a théann sé ag maslú ríthe na tíre. Tá a fhios aige gur féidir leis aon rud is áil leis a éileamh agus a fháil má tá an rí lena oineach a choimeád. Oibríonn sé an chumhacht seo ar mhuintir Dheisceart Laighean fosta, atá i mbaol an t-oinéach s'acu a chailleadh i measc phobal na tíre mura dtugann siad seoid as an tUllach dó (TÉ, II, 37-41).

3) DIOLTAS

Cé go dtugann cearta an fhíle cosaingt d'Aithirne agus é ar a chamechuairt, ní hann di a thuilleadh má thrasnaíonn sé teorainn. Bhí na Laighnigh ag borradh chuige de réir a chéile, agus déanann sé iarracht ansin críoch Laighean a fhágáil agus céad go leith dá mbanríonacha leis. A huairthe a théann sé thar an teorainn téann na Laighnigh sa tóir air chun díoltas a bhaint amach (TÉ, II, 75-7). Is i mían na nUlltach Aithirne a chosaint a spreagann an cath eatarthu. Sa trian deireanach den scéal is é misean Chonnail díoltas a bhaint amach dá dheartháireacha go príomha a chuireann an plota chun cinn.

4) TEACHT AN TUAIR FAOIN TAIRNGREACHT

Nuair a éilíonn Aithirne luí le bean Mheis Geaghra, rí Laighean, sa chéad trian den scéal, géillíonn Meas Geaghra chun an t-oinéach s'áige a choimeád ach maíonn sé nach bhféadfadh Ulltach aonair ar bith an bhean s'áige a thabhairt ar shiúl leis mura dtabharfadh sé féin

uaidh i ar mhaithe lena oineach. Agus é ag diúltú don mháiomh seo, fógraíonn Aithirne nach ligfeadh sé dó go dtí go dtabharfadh Ulltach aonair an bhean leis i ndiaidh dó an cloigeann a bhaint de (TÉ, II, 61-5). Sásaítear an bheirt acu go pointe áirithe: fóraítear tairngreacht Mheis Geaghra sa mhéid nach dtugtar a bhean ar shiúl go fisiciúil, agus fóraítear tairngreacht Aithirne sa mhéid is go mbaintear an cloigeann de Mheas Geaghra cé nach dtugann Ulltach aonair an cloigeann ná an bhean ar shiúl leis (TÉ, II, 234, 237).

CÁILIOCHTAÍ LITEARTHA

Tá réimse cáilíochtaí liteartha le sonrú ar an saothar seo a shabhríonn an insint ar lámh amháin agus a chorráinn an t-éisteoir (nó an léitheoir) agus a chothaíonn gaol idir é agus na carachtair, ar an lámh eile.

1) AN TRUAMHÉALA

Tá sí seo i gceist go príomha sa chur síos a dhéantar ar na daoine sin a d'fhulaing ceann d'éilimh dháighe Aithirne, agus ar Eochaidh mac Luchta a raibh air é féin a dhalladh, thar aon duine eile (TÉ, I, 11). San eipseoid ina dtaispeánann Conall cloigeann dichollaithe a fir chéile do Bhuan, táimid corraithe nuair a fheicimid í ag titim in éadóchas nuair a thuigean sí go bhfuil sí fágtha (TÉ, I, 226). Ar na samplaí eile den truamhéala, tá an cur síos ar na hUlltaigh thromghonta agus iad ag fáil bháis d'easpa bia agus di agus iad faoi léigear i nDún Éadair (TÉ, II, 79-83), na tuairisí sa rosc ar an drochbhairt a bhí ar chuid de na fir (TÉ, II, 131-74), agus ar deireadh, sa chur síos thruacánta a dhéantar ar Chú Chulainn agus é ag caoineadh bhás a dhaila, Meas Deadh, a mharraighe drong trí chéad Laighneach i ndiaidh dó na hUlltaigh a chosaint ina aonar (TÉ, II, 104-7).

2) AN TUAFÁS

Tá sé seo i gceist leis na héilimh shuaracha a dhéanann Aithirne agus úsáidtear é i bparírt leis an truamhéala. Is é suarachas na n-éileamh seo, amhail iarraidh luí le bean rí na Mumhan, Tiarnach Teadbhuilleach, le linn di bheith ina leaba luí seoi, agus an truaillíocht atá taobh thiar dá santú a chorráinn ar t-éisteoir/léitheoir. Is é borradh an uafáis a thugann ar na Laighnigh díoltas a imirt ar Aithirne, rud atá intuigthe ar fad. Is cosúil gurb amhlaidh atá an fonn díoltais atá ar na Laighnigh ina chriostalú ar an mhian atá ag an phobal uile—seachas Eochaidh mac Luchta, b'fhéidir—díoltas a imirt air. Ar an dóigh chéanna, féadaimid uafás d'umharú buachalla seacht mbliana d'aois a ionannú le mían

Chonail Chearnaigh dloftas a bhaint amach do Mheas Deadh agus a dheartháir eile, Laoire (TÉ, I. 176 ar lean).

3) AN ÍORÓIN

Insítear dúinn nuair a chúlaigh na hUltaigh a fhad le hÉadar go raibh slua fear ocrach tromghonta sa dúin (TÉ, II. 79-83). Ba thrua a gcás, ar ndóigh, ach is é a chorraíonn muid go raibh an fear a sháigh isteach i gcath iad ar an chéad dul síos ag doirteadh bainne. Óna nach mblaisfeadh aon duine a chuid. Ba thrua cás Mheis Deadh, a maraíodh i ndiaidh dó na hUltaigh a chosaint ina aonar, ach b'íoronta gur maraíodh é díreach nuair a bhí trúpaí ahnearthithe Ulladh i ndiaidh teacht i dtír (TÉ, II. 103-5). Sa trian deireanach den scéal insítear dúinn gur fhan Meas Geaghra agus a ara ar Chosán Claonta ina n-aonar nuair a bhí an cath thart. Agus é ag breathnú ar abhainn, ar ámharaí an tsaol, chonaic Meas Geaghra cnó mór ar snámh ann. Bhí an t-ara ina chodladh nuair a roinn Meas Geaghra an cnó, ag fágáil a leatha don ara. Ach nuair a dhúisigh an t-ara, chuir sé i leith Mheis Geaghra gur íth sé an cnó ar fad. In ionad an leathchnó a bhí i bhfolach aige a thabhairt dó ar an toirt, chinn Meas Geaghra ar spórt a bhaint as an ara, ag iarraidh air é féin a mhíniú tuilleadh; sa deireadh bhain an t-ara a leathlámh de Mheas Geaghra, agus nuair a nochtaidh an leathchnó bhí a oiread aiféala air gur sháigh sé é féin. Mar thoradh ar a phíosa beag spóirt, chaill Meas Geaghra a leathlámh chomh maith lena ara (TÉ, II. 179-96). Fíoraíodh an tairngreacht a rinne Meas Geaghra nach dtabharfadh Ullach aonar a bhean ar shuíl leis, ach cuirteadh seo ó bhailíocht beagán, sa mhéid nárbh fhíú d'aon fhear a coláinn mharbh a thabhairt leis (TÉ, II. 232-3).

4) AN TURMANH

Ag pointe áirithe cuirtear cor greannmhar san insint. I ndiaidh dó a leathshuíl a chailleadh agus é féin a dhalladh dá réir, téann Eochaidh mac Luchta chun an locha lena aghaidh a ní. Nuair a fhaifraíonn sé dá ghíolla ar baineadh an tsuíl as a cheann, freagríonn an ghíolla *is derg a nderc dot fhuil* 'is dearg an deirc do d'fhuil'; imeartas focal is ea é sin ar ndóigh, ag déanamh tagartha dá logaill stíle agus don loch araon atá dearg ó fhuil an rí (TÉ, II. 14-5). Maidir le Leabharham, is greannmhar an cur síos a dhéantar ar a cruth *Ba dochruid dano a delb na hingine .i. a di thraigid 7 a da nglún imna denud, a di escait 7 a di shail remi* 'Ba dhochraí ina theannta sin deilbh na hinne .i. a dhá troigh agus a dhá gluin ina diaidh, a dhá gorún agus a dhá saíl roimpi' (TÉ, II. 88-9). Déantar áibhéil chomh maith ar a barúil ar cad

is builín ann—deirtear linn go mbeadh méid trí scór builín i mbuilín amháin dá cuidse (TÉ, II. 90-1). Éiríonn leis an chur síos éigialta ar an dóigh a ndéanadh mná Ulladh aithris ar smál an laoih ab ansa leo—Conall Claon, Cú Chulainn Goll nó Cúscraich Meann (TÉ, II. 214-7)—an duarceas a scaipeadh seal idir an eipeasóid mar dhícheannaigh Conall Meas Geaghra agus an eipeasóid dheireanach a bhfuil casadh Chonail ar Bhuan (TÉ, II. 220-2) mar thús aici.

5) AN CEARY

Sa chéad eipeasóid den scéal, nuair a chasatar Eochaidh mac Luchta, rí Chonnacht, ar Aithirne, déantar an éagóir a rinneadh ar Eochaidh nuair a iarradh a leathshuíl air a chuirfeamh in aibhunnú cosmach na cothromaíochta, nuair a thugann Dia dhá shuíl úra dó a bhí ar na stíle ab áille a bhí in Éirinn riamh toisc é a bheith chomh faithiúil sin le hAithirne (TÉ, II. 16-7). Cé go raibh an milleán ar Mheas Geaghra féin gur chaill sé a leathlámh bhí sé i dteideal comhlainn chirt le Conall. Ag an am céanna, ní raibh a oiread sin fich ar Chonall le hAithirne nach raibh sé toilteanach a leathlámh fein a cheangal dá thaobh chun an comhlann a dhéanamh cothrom, agus a fhíor ghascigh a choimeád (TÉ, II. 202-3). Tá comhthreomhaireacht spéisúil le sonrú anseo má chuirimid an dá eipeasóid seo i gcomparáid lena chéile, is é sin, géilleadh a aonstíle ag Eochaidh gan gearán ar bith a dhéanamh, gníomh a thuill dhá shuíl úra dó agus neamhghéilleadh an leathchnó ag Meas Geaghra gan spórt a bheith aige ar dtús, gníomh a thuill cáilleadh láithreach a leathlámh dó.

Tá roinnt samplaoidí spéisúla sa scéal seo chomh maith. Nuair a chluineann Cú Chulainn buir a dhalta, Meas Deadh, le linn don chloigean a bheith á bhaint de, cuireann sé i gcás gur geall le ceann amháin de cheithre mhórchorral—neamh ag madhmach, an mhuir ag trá, an talamh ag scaradh nó buir a dhaltasan agus éagomhlann á imirt air—an trúp a chuala sé (TÉ, II. 105-7). I gceann amháin de na tuairiscí sa rosc, insítear dúinn athuair go raibh ar na hUltaigh cré á ithe le linn dóibh bheith faoi léigear i nDún Éadair, ach an iarraidh seo deirtear go raibh siad ag ithe na cré le fíosc, cosúil le béar ag lí meala (TÉ, I. 166). Ar eagla go mbeadh amhras ar bith ann faoin mhéid a bhí sa chnó a thóg Meas Geaghra as an abhainn, insítear dúinn go raibh sé chomh mór le ceann fí (TÉ, II. 183-4).

MÓITFEANNA

Úsáidtear roinnt móitifeanna coitianta sa scéal seo chun an plota a stiúradh:

1) *MÓITIF AN TUATHAÍLL*

Faighimid leid i bhfiorthús an scéil go leanfaidh drochiarthairí cuairt Aihirne nuair a insítear diinn go ndeachaigh sé ar chúairt thuathail na héireann (TÉ, II. 4-5).

2) *MÓITIF CHAILLEADH NA LEATHLÁIMHE AGUS AN FÉINMHARÚ CLASICEACH*

Ina thráchtairacht ar an scéal seo molann O'Connor go mb'fhéidir gur móitifeanna Laidine iad seo (O'Connor: 49-50). Tá cruthaithe ag McCone (1996), áfach, go raibh móitifeanna seo chailleadh na géige agus an chioclóip (tuigtear gur cioclóp é Eochaidh mac Luchta sa scéal seo) coitianta i miotaseolaíocht na Ceiltise, na Gearmáinise agus na hInd-Eorpaise. Samhlaitear an cineál seo gortaithe le laochra óga agus carachtair mhíotaseolaíocha de ghnáth, ach sa scéal seo feicimid dhá rí gortaithe ar na dóigheanna coitianta seo, duine amháin acu ar leathshuíl agus an duine eile ar leathláimh. Is mar ghléas chun súíomh a eirufhú ina dtástáilfear fíor ghaisceigh Chonail a úsáidtear móitíf chailleadh na leathláimhe (TÉ, II. 202-3), agus is mar shíombailí den drochiarthairt a lean drochbhreithúnas Mheis Geaghra san eipeasóid ina gceilleann sé an leathchnó ar an ará a úsáidtear cailleadh na láimhe agus an féinmharú (TÉ, II. 187-96).

3) *MÓITIF NA DROCHÁISLINGE*

Is mar ghléas chun breithúnas Mheis Geaghra a thástáil a úsáidtear an drochaisling ina nochtar an cnó don ara. Tá fios maith ag an ara an cnó a bheith ann ach bréagnaíonn Meas Geaghra an t-ara ar mhaithe le spóirt in ionad an cnó a thabhairt dó; léiríonn an rí drochbhreithúnas, mar sin de.

CLABHSÚR

Idir léamh O'Curry air mar fhoinse staire, bharúil Hull gur 'fuinneog ar ré bharbartha' é (Hull: 86-94), agus iarracht O'Connor ar na píosaí maithe ann a thartháil, is amhlaidh nach ndearnadh staidéar liteartha ceart riann ar *Talland Éclair* agus a caitheadh go réchluiseach leis an fhianaise sna hiarrachtaí a rinneadh go dtí seo. Cé nach raibh anseo ach blaiseadh den saibhreas liteartha atá le fáil ann, is léir gur mithíid a cheart a thabhairt don scéal seo mar shaochtar litríochta.

GLUAIS AINMNEACHA DÍSE

	TÉ
Nua-Ghaeilge	Bíán
Buan	Conall Cernach
Conall Cernach	Conall Clóen
Conall Cláon	Conchobar
Conchúr	Cassán Clóenta
Cosán Claonta	Cuscraid Mend
Cuscraídh Meann	Dún nÉtair
Dún Éadair	Éadar
Éadar	Eamhain Mhacha
Eamhain Mhacha	Eochaidh mac Luchta
Eochaidh mac Luchta	Laire
Laire	Leabharcham
Leabharcham	Meas Deadh
Meas Deadh	Meas Geaghra
Meas Geaghra	Mughain
Mughain	Tiarnach Teabhulleach
Tiarnach Teabhulleach	Tigernach Tebhulleach

LEABHARLUOSTA

- Best, R.I. & O'Brien, M.A. 1956. *The Book of Leinster: formerly Lebar na Nuachongbála*, Iml II. Baile Átha Cliath.
- Dobbs, M. 1930. 'The Ban-Shenchus' in *Revue Celtique* 47: 283-339.
- 1949. 'Agallamh Leborchaim' in *Études Celtiques* 5: 154-161.
- Henry, P.L. 1978. *Saothhlíocht na Sean-Ghaeilge: bunú an traidisíoin*. Baile Átha Cliath.
- Hull, E. (eag). 1898. *The Cuchullin Saga in Irish Literature: being a collection of stories relating to the hero Cuchullin / Translated from the Irish by various scholars*. Londain.
- Knott, E. 1949. 'The placename Eadar' in *The Irish Book Lover* XXXI: 56-7.
- McCone, K. 1990. *Pagan Past and Christian Present in early Irish literature*. Maigh Nuad.
- 1996. 'The Cyclops in Celtic, Germanic and Indo-European Myth' in *Studia Celtica* 30: 89-111.
- Ó Cadhlaigh, C. 1956. *An Riaráocht*. Baile Átha Cliath.
- O'Connor, F. 1967. *The Backward Look: A survey of Irish literature*. Londain.
- O'Curry, E. 1861 (athchló 1995). *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History*. Baile Átha Cliath.
- Ó Donnail, C. 2005. *Talland Éclair: A Critical Edition with*

Introduction, Translation, Textual Notes and Vocabulary. Maigh Nuad.

Stokes, W. 1887. 'The Siege of Howth' in *Revue Celtique* 8: 47-64.

— 1894. 'The prose tales in the Rennes dindsenchas' in *Revue Celtique* 15: 272-336, 418-84.

Thurneysen, R. 1918. 'Zu irischen Texten' in *Zeitschrift für celtische Philologie* 12: 398-407.

— 1921. *Die irische Helden- und Königsage bis zum siebzehnten Jahrhundert.* Halle.